**RABHADH**

**Ná déan dearmad an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2009**

## STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

**(180 MARC)**

**DÉ CÉADAOIN, 10 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 3.30**

STAMPA AN IONAID

SCRÚDUIMHIR

**FREAGAIR GACH CEIST, 1, 2, 3 AGUS 4.**

**FREAGAIR NA CEISTEANNA 1, 2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA ATÁ ANN CHUIGE SIN AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR.**

**FREAGAIR CEIST 4 I DO FHREAGARLEABHAR.**

**LE DO THOIL, CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR**

[Thall

| **1.** | **PICTIÚIR**<br>(35 marc) |
|---|---|

Déan staidéar ar na pictiúir, **A, B agus C**, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **PICTIÚR A**

*Taispeántar láthair i mbaile sa Mheánaois i bpictiúr A.*

(i) Cén sórt oibre atá á dhéanamh ag an bhfear atá marcáilte mar **X**?

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………….. (4)

(ii) Cén sórt oibre atá á dhéanamh ag an bhfear atá marcáilte mar **Y**?

………………………………………………………………………………………...

……………………………………………………………………………………….. (4)

(iii) Luaigh **dhá** chontúirt a bhí roimh dhaoine a raibh cónaí orthu i mbailte móra sa Mheánaois.

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………….. (4)

*(b)* **PICTIÚR B**

*I bpictiúr B taispeántar eachtra ar a dtugtar Sléacht Bhostúin a tharla i 1770 díreach roimh Réabhlóid Mheiriceá.*

(i) Déan cur síos ar cad atá ag tarlú sa phictiúr.

…………………………………………………………………………………..……….

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………….. (4)

(ii) "An duine a dhearaigh an pictiúr seo, bhí sé ag tacú le saighdiúirí na gcótaí deirge." Fíor nó bréagach? Cuir tic sa bhosca ceart agus tabhair cúis le do fhreagra.

Fíor □ Bréagach □

Cúis: ………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………..

……………………………………………………………………………………….. (4)

(iii) Ainmnigh ceannaire réabhlóideach **amháin** a bhain le *Tréimhse na Réabhlóidí* agus an tír arbh as dó.

Ceannaire: ………………….……………………………………………………………

Tír: …….……………………………………………………………………………...(4)

*(c)* **PICTIÚR C**

*I bpictiúr C taispeántar daoine ag obair i Sasana tráth a raibh an Réabhloid Tionsclaíoch i réim.*

(i) Déan cur síos ar cad atá ag tarlú sa phictiúr.

…………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………….. (3)

(ii) Tabhair **dhá** chúis go bhfuil contúirt ag baint leis na dálaí oibre sa phictiúr.

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………........

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………….. (4)

(iii) Tabhair **dhá** shampla de na dalaí maireachtála a bhí chomh dian ar na hoibrithe i rith na Réabhlóide Tionsclaíche.

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………........

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………….. (4)

**2. DOICIMÉID**
(35 marc)

Déan staidéar ar an **dá** dhoiciméad, **1 agus 2**, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **Doiciméad 1**

*Cuntas ó aimsir Chogadh na Saoirse in Éirinn a thug ball d'Arm na Poblachta , darbh ainm Seán Harling.*

(i) Cad iad na treoracha a tugadh do Seán Harling?

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………….. (2)

(ii) Cén fáth ar éirigh sé neirbhíseach le linn dó a bheith ar an tram?

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………….. (2)

(iii) Cén chaoi a ndearna sé iarracht fáil réidh leis an ngunna?

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………….. (2)

(iv) Cén fáth ar cheap an mháthair gur cara lena hiníon é 'Jim'?

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………….. (3)

(v) An ndearna Seán rud ciallmhar nó rud amaideach sa sliocht seo, dar leat? Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra.

……………………………………………………………………………………........

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………….. (4)

(vi) Tabhair **dhá** chúis go mbíonn eolas atá le fáil i ndoiciméid stairiúla uaireanta mí-cheart.

……………………………………………………………………………………........

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………….. (4)

*(b)* **Doiciméad 2**

*Cuntas is ea é seo ó Aodh Ó Ceallacháin ar a óige in Ard Eoghain i mBéal Feirste sna 1930idí.*

(i) Cén áit a ndeachaigh na fir Chaitliceacha ag obair go minic?

........................................................................................................................... (2)

(ii) Cad é an spórt ba mhó a bhíodh sa cheantar?

........................................................................................................................... (2)

(iii) Tabhair cúis **amháin** go bhfuil fhios againn go raibh a mhuintir bocht.

...........................................................................................................................

........................................................................................................................... (3)

(iv) Cén sórt fáilte a cuireadh roimhe sa scoil Phrotastúnach?

...........................................................................................................................

........................................................................................................................... (3)

(v) Cén sórt duine é Alfie Gardner?

...........................................................................................................................

...........................................................................................................................

........................................................................................................................... (4)

(vi) Cén difríocht atá ann idir foinse phríomha agus foinse thánaisteach?

...........................................................................................................................

...........................................................................................................................

........................................................................................................................... (4)

**[Thall**

**3. CEISTEANNA GEARRFHREAGRA**
(60 marc)

Freagair **DEICH** gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú 6 marc an ceann iad.

(i) Mínigh cad is brí leis na ceannlitreacha **R.C.** sa bhliain 44 R.C.

.......................................................................................................................................… (6)

(ii) Ainmnigh tuama de shaghas **amháin** a thóg muintir na Clochaoise in Éirinn **nó** ainmnigh ceann **amháin** de na tuamaí sin.

.......................................................................................................................................... (6)

(iii) Na *fiagaithe-bailitheoirí*, na daoine ba thúisce a mhair in Éirinn, cén sórt bia a d'ith siad?

……...……………………………………………………………………………………… (6)

(iv) Ainmnigh sibhialtacht **amháin** ón tréimhse anallód <u>lasmuigh d'Éirinn</u> a bhfuil staidéar déanta agat uirthi. Scríobh síos fíric **amháin** mar gheall ar *thithíocht* **nó** ar *ghnásanna adhlactha* ón tsibhialtacht sin.

Sibhialtacht: ……………………………………………………………………………………

Fíric: …………………………………………………………………………………….. (6)

(v) Luaigh saothar ealaíne **amháin** a rinne na manaigh in Éirinn i dtús Ré na Críostaíochta.

.......................................................................................................................................(6)

(vi) Luaigh seirbhís **amháin** a chuir na mainistreacha ar fáil don bpobal áitiúil sa Mheánaois.

…………………………………………………………………………………………… (6)

(vii) Sa Mheánaois, cad é an t-ainm a bhí ar an gceantar timpeall ar Bhaile Átha Cliath a bhí faoi smacht ag na Sasanaigh? Cuir tic sa bhosca ceart thíos:

*An Pháil* □ *Éire na nAngla-Éireannach* □ *Baile Átha Cliath na Lochlannach* □ (6)

(viii) Cuir tic le ceann **amháin** de na téarmaí thíos a bhaineann leis an Meánaois agus mínigh é:

*ab* □ *seirfeach* □ *péitse* □

……………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………… (6)

(ix) Cuir tic le ceann **amháin** de na téarmaí thíos a bhaineann le caislean ón Mheánaois agus mínigh é:

*geata crochta* □ *droichead tógála* □ *móta* □

……………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………… (6)

(x) Tabhair cúis **amháin** gur chuir Eorpaigh sa chúigiú aois déag agus sa séú aois déag suim i dtaiscéalaíocht.

…………………………………………………………………………………………… (6)

(xi) Ainmnigh taiscéalaí **amháin** agus áit **amháin** nó bealach **amháin** a rinne an taiscéalaí sin a fhionnadh.

Taiscéalaí: ……………………………………………………………………………………..

Fionnachtain: ......................................................................................……………… (6)

(xii) Tabhair cúis **amháin** go raibh eagla ar mháirnéalaigh seoladh ró-fhada ón talamh i rith Aois na Taiscéalaíochta.

………………………………………………………………………………………… (6)

(xiii) Ainmnigh ealaíontóir **amháin** ón Renaissance a bhfuil staidéar déanta agat air/uirthi agus luaigh ceann **amháin** de shaothair ealaíne an ealaíontóra sin.

Ealaíontóir: ......................................................................................……………………..

Saothar: ….…………………………………………………………………………….. (6)

(xiv) Tabhair cúis **amháin** go raibh fionnadh an chlóphreasa chomh tábhachtach sin.

………………………………………………………………………………………… (6)

(xv) I gcás Mheiriceá **nó** an Fhrainc **nó** Éire san ochtú haois déag, tabhair cúis **amháin** gur tharla réabhlóid ann.

Tír:……………………………………………………………………………………..…….

Cúis:……………………………………………………………………….....................(6)

(xvi) Tabhair toradh tábhachtach a bhí ar réabhlóid **amháin** i Meiriceá **nó** sa Fhrainc **nó** in Éirinn san ochtú haois déag.

Tír:.........................................................................................................……………………

Toradh:..……………………………………………………………………………… (6)

(xvii) Tabhair cúis **amháin** go bhfuair an oiread sin daoine bás i rith an Ghorta Mhóir (1845-1850).

…..……..……………………………………………………………………………… (6)

(xviii) Tabhair cúis **amháin** gur tharla an Réabhlóid Tionsclaíoch sa Bhreatain.

…………………………………………………………………………………………….

………………………………………………………………………………………… (6)

(xix) Ainmnigh fionnachtain **amháin** nó forbairt **amháin** ón Réabhlóid Tionsclaíoch **nó** ón Réabhlóid Talmhaíoch agus an duine a bhain an méid sin amach:

Fionnachtain: ………………………………………………………………………………

Duine:……………………………………………………………………………………(6)

(xx) Cuir tic le ceann **amháin** de na téarmaí thíos agus mínigh é:

*Deachtóir* □ *Ollchumhacht* □ *Comhargadh* □ *Impireacht* □

…………………………………………………………………………………………….

………………………………………………………………………………………… (6)

**[Thall**

FREAGAIR AN CHEIST SEO A LEANAS I bhFREAGARLEABHAR AR LEITH

**4. PEARSANA SA STAIR**
(50 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na leideanna a úsáid chun cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Seandálaí ag obair**
LEIDEANNA:
* Ag roghnú láithreach
* Na deacrachtaí ar an láthair tochailte
* Na huirlisí a úsáideadh
* Dátaí a chur leis na rudaí a fhionnadh

(25)

(ii) **Duine a raibh cónaí air/uirthi in Éirinn na gCeilteach**
LEIDEANNA:
* Saol an ama sin
* Cúrsaí oibre
* An creideamh
* An cultúr

(25)

(iii) **Leasaitheoir ainmnithe creidimh i rith an Reifirméisin**
LEIDEANNA:
* A óige
* Na deacrachtaí a bhí aige
* A chuid tuairimí
* An tionchar a bhí aige

(25)

**B.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na leideanna a úsáid chun cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Coilíneach i bplandáil ainmnithe in Éirinn**
LEIDEANNA:
* An rialtóir ba chiontach leis an bplandáil a bheith ann
* An chúis go bhfuair sé talamh
* An dearcadh maidir leis na Gaeil
* Athruithe de thoradh na plandála

(25)

(ii) **Ceannaire polaitiúil ainmnithe (Éire, Thuaidh nó Theas) le linn na mblianta 1918–1985**
LEIDEANNA:
* Ainm an cheannaire
* An méid a d'éirigh leis a chur i gcrích
* Na deacrachtaí a bhí le sárú
* Aon eolas eile ag baint leis an scéal

**NÓ**

**Seanduine ag caint mar gheall ar athruithe sóisialta in Éirinn le linn an fhichiú haois**
LEIDEANNA:
* Athruithe i gcúrsaí oibre
* Athruithe i gcúrsaí siamsaíochta
* Athruithe sna cathracha agus faoin tuath
* Athruithe i ról na mban

(25)

(iii) **Ceannaire ainmnithe a raibh baint aige/aici le ceann AMHÁIN de na heachtraí idirnáisiúnta ón bhfichiú haois atá luaite thíos**

- *Síocháin agus cogadh san Eoraip, 1920-1945*
- *Teacht i dtreis na nOllchumhachtaí (An Cogadh Fuar), 1945-1992*
- *Gluaiseachtaí i dtreo an Aontais Eorpaigh, 1945 -1992*
- *Náisiúnachas san Afraic nó san Áis, 1945-1993*

LEIDEANNA:
* Ainm an cheannaire agus na tíre
* Na deacrachtaí a bhí aige/aici
* An méid a d'éirigh leis/léi cur i gcrích
* An tionchar a bhí baint aige/aici

(25)